



Department of  
**Education**

[www.deni.gov.uk](http://www.deni.gov.uk)

AN ROINN

**Oideachais**

MÁNNYSTRIE O

**Lear**



INVESTOR IN PEOPLE

# CROÍSHIOLLABAS

don

*Oideachas  
Reiligiúnach*



# CLÁR

## Leathanach

|                     |    |
|---------------------|----|
| Bonnchém .....      | 1  |
| Eochairchém 1 ..... | 6  |
| Eochairchém 2 ..... | 12 |
| Eochairchém 3 ..... | 20 |
| Eochairchém 4 ..... | 30 |





# Bonnchéim

## CUSPÓIR FOGHLAMA 1: FOILSIÚ DÉ

Ba chóir go bhforbródh daltaí feacht, eolas, tuiscint agus meas ar phríomhtheagasc na Críostaíochta ar Dhia (An tAthair, An Mac agus An Spiorad Naomh), ar Íosa Críost, agus ar an Bhíobla; agus bheith ábalta an Bíobla a léirmhíniú agus é a nascadh leis an saol.

*Luaitear tagairtí as na scriptúir mar threoir don mhúinteoir. Má thugtar tagairtí do Shoiscéal amháin, is féidir úsáid a bhaint as sleachta cosúla as na Soiscéil eile.*

### Dia agus an Bíobla

#### a. Briathar Dé.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi na nithe seo maidir le Críostaithe:

- Gur briathar Dé é an Bíobla.
- Go gcuirtear toil Dé in iúl dá mhuintir trí bheatha na bpríomhcharachtar sa Bhíobla.
- Go mbaintear úsáid as an Bhíobla san adhradh.
- Go raibh na Scriptúir ar eolas ag Íosa.

#### b. Cúram Dé don chruthú.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi na nithe seo maidir le Críostaithe:

- Gur Dia a chruthaigh gach rud - *Geineasas 1 agus 2.*
- Gur rud maith é an cruthú.
- Gur cás le Dia an Chruinne, daoine agus ainmhithe.

## Beatha Íosa

### c. Breith Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi ar na himeachtaí seo:

- Teachtaireacht Ghaibriéil, Aingeal, do Mhuire - *Lúcás 1:26-38*.
- An turas go Beithil - *Lúcás 2:4-5*.
- Breith Íosa - *Lúcás 2:6-7*.
- Na hAoirí, na Saoithe agus Héaród - *Lúcás 2:8-20*;  
*Matha 2:1-12*.

### d. Ministreacht Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi ar na nithe seo:

- Teagasc Íosa ar ghrá, ar mhaithiúnas agus ar umhlaíocht.
- Paidir an Tiarna - *Lúcás 11:1-4*.

### e. Bás agus aiséirí Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi na himeachtaí is mó a bhaineann le bás agus le haiséirí Íosa:

- Bás agus adhlacadh Íosa - *Marcas 15:25-37, 15:42-47*.
- An t-aiséirí: an tuama folamh - *Marcas 16:1-8*.

# Bonnchéim

## CUSPÓIR FOGHLAMA 2: AN EAGLAIS CHRÍOSTAÍ

**Ba chóir go bhforbródh daltaí eolas, tuiscint agus meas ar fhás, ar adhradh, ar urnaí agus ar theanga reiligiúnach na Críostaíochta; go n-éireodh siad níos eolaí faoin méid atá i gceist le bheith mar chuid de thraidisiún Críostaí, agus níos íogaire maidir leis na creidiúintí atá ag daoine eile.**

### a. Muintearas.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí a thuiscint:

- Go mbaineann saol an phobail Chríostaí le bheith cásmhar, le bheith ag roinnt agus le bheith ag urnaí le chéile.
- Go dtig linn foghlaim ó bheatha na ndaoine a thaispeánann dúinn an dóigh le bheith muinteartha, le bheith ag roinnt agus le bheith cásmhar ar a chéile.

### b. Adhradh agus urnaí.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí a thuiscint:

- Gurb ionann urnaí agus comhrá a dhéanamh le Dia le buíochas agus moladh a thabhairt dó, le leithscéal a gabháil agus le cuidiú a iarraidh.
- Go dtig le daoine adhradh a thabhairt do Dhia ar dhóigheanna éagsúla agus in áiteanna éagsúla.
- Go bhfuil amanna speisialta ceiliúrtha i bhféilire na hEaglaise.
- Go bhfuil ócáidí speisialta i saol an Chríostaí a bhaineann le hadhradh.

# Bonnchéim

## CUSPÓIR FOGHLAMA 3: AN MHORÁLTACHT

Ba chóir go bhforbródh daltaí a gcumas machnamh agus breithiúnas a dhéanamh ar an mhoráltacht, prionsabail mhorálta na Críostaíochta a nascadh lena saol pearsanta agus sóisialta, agus luachanna agus dearcthaí a mbíonn éifeacht acu ar chúrsaí iompraíochta a aithint.

### a. Féinmheas.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí lena aithint:

- Gur duine uathúil, ar leith gach duine.
- Go bhfuil grá agus meas ag daoine eile orthu.
- Go gcaithfidh siad aire a thabhairt dá gcorp.

### b. Meas ar dhaoine eile.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- An fiúntas a bhaineann le comhoibriú, le roinnt, le cuidiú a thabhairt do dhaoine eile, le macántacht a aithint.
- Iniúchadh a dhéanamh ar dhearcthaí agus ar iompar i leith daoine eile.
- Meas ar réadmhaoin a léiriú.

### c. Meas ar Dhia.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Meas a fhorbairt ar Dhia agus ar an tábhacht a bhaineann leis an chéad dá Aithne: grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile - *Matha 22:37-40*.



**d. Meas ar an timpeallacht.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Dearcadh cásmhar beo a fhorbairt maidir le rudaí.
- A aithint go bhfuil gach duine freagrach as caomhnú na timpeallachta.

# Eochairchéim 1

## CUSPÓIR FOGHLAMA 1: FOILSIÚ DÉ

Ba chóir go bhforbródh daltaí feasacht, eolas, tuiscint agus meas ar phríomhtheagasc na Críostaíochta ar Dhia (An tAthair, An Mac agus An Spiorad Naomh), ar Íosa Críost, agus ar an Bhíobla; agus bheith ábalta an Bíobla a léirmhíniú agus é a nascadh leis an saol.

*Luaitear tagairtí as na scríoptúir mar threoir don mhúinteoir. Má thugtar tagairtí do Shoiscéal amháin, is féidir úsáid a bhaint as sleachta cosúla as na Soiscéil eile.*

### Dia agus an Bíobla

#### a. Briathar Dé.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi na nithe seo maidir le Críostaithe:

- Gur briathar Dé é an Bíobla.
- Go gcuirtear toil Dé in iúl dá mhuintir trí bheatha na bpríomhcharachtar sa Bhíobla.
- Go mbaintear úsáid as an Bhíobla san adhradh.
- Go raibh na Scríoptúir ar eolas ag Íosa.

#### b. Cúram Dé don chruthú.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi na nithe seo maidir le Críostaithe:

- Gur Dia a chruthaigh gach rud.
- Gur rud maith é an cruthú.

- Gur cás le Dia an Chruinne, daoine agus ainmhithe.

## Beatha Íosa

### c. Breith agus óige Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi ar na himeachtaí seo:

- Teachtaireacht Ghaibriéil, Aingeal, do Mhuire - *Lúcás 1:26-38*.
- Cuairt Mhuire ar Eiliosaibeit - *Lúcás 1:39-45*.
- Daonáireamh na Rómhánach - *Lúcás 2:1-3*.
- An turas go Beithil - *Lúcás 2:4-5*.
- Breith Íosa - *Lúcás 2:6-7*.
- Na hAoirí, na Saoithe, Héaród - *Lúcás 2:8-20; Matha 2:1-12*.
- An rabhadh a thug an Aingeal do Íosaf faoi Héaród - *Matha 2:13*.
- An teitheadh chun na hÉigipte - *Matha 2:14-18*.
- An filleadh ar Nazarat - *Matha 2:19-23*.
- Saol teaghlaigh agus gnásanna i Nazarat.
- An scéal faoi Íosa sa teampall - *Lúcás 2:41-52*.

### d. Ministreacht Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi ar na nithe seo:

- Teagasc Íosa ar ghrá, ar mhaithiúnas agus ar umhlaíocht.
- Paidir an Tiarna - *Lúcás 11:1-4*.

- Míorúiltí an leighis - *Marcas 5:21-24, agus 35-43.*
- Caidreamh Íosa le Dia, an tAthair - *Marcas 14:32-36. Lúcas 10:21-22.*
- Íosa agus a Chuid cairde - *Lúcas 10:38-42.*

**e. Páis, bás agus aiséirí Íosa.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí bheith eolach ar na príomhimeachtaí a bhain le páis, bás agus aiséirí Íosa:

- Nuair a tháinig Sé isteach go hIarúsailéim - *Eoin 12:12-16.*
- An Suipeár Déanach - *Lúcas 22:7-20.*
- Nuair a rinneadh fealltóireacht air agus a gabhadh é i nGairdín Gheitséamainí - *Lúcas 22:47-53.*
- Séanadh Pheadair - *Lúcas 22:54-62.*
- An triail agus an céasadh - *Lúcas 22:66-71, Lúcas 23:1-43.*
- A bhás agus a adhlacadh - *Lúcas 23:44-56.*
- An t-aiséirí: an tuama folamh - *Lúcas 24:1-12.*

# Eochairchéim 1

## CUSPÓIR FOGHLAMA 2: AN EAGLAIS CHRÍOSTAÍ

**Ba chóir go bhforbródh daltaí eolas, tuiscint agus meas ar fhás, ar adhradh, ar urnaí agus ar theanga reiligiúnach na Críostaíochta; go n-éireodh siad níos eolaí faoin méid atá i gceist le bheith mar chuid de thraidisiún Críostaí, agus níos íogaire maidir leis na creidiúintí atá ag daoine eile.**

### a. Tús agus fás.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí a thuiscint:

- Go raibh cásmhaireacht, roinnt agus urnaí le chéile mar chuid den saol san luath-Eaglais.
- Go raibh tionchar ag daoine ar fhás na hEaglaise.

### b. Adhradh agus urnaí.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí a thuiscint:

- Go dtig le daoine adhradh a thabhairt do Dhia ar dhóigheanna éagsúla agus in áiteanna éagsúla.
- Go bhfuil amanna speisialta ceiliúrtha i bhféilire na hEaglaise.
- Go bhfuil ócáidí speisialta i saol an Chríostaí a bhaineann le hadhradh.

# Eochairchéim 1

## CUSPÓIR FOGHLAMA 3: AN MHORÁLTACHT

**Ba chóir go bhforbródh daltaí a gcumas machnamh agus breithiúnas a dhéanamh ar an mhoráltacht, prionsabail mhorálta na Críostaíochta a nascadh lena saol pearsanta agus sóisialta, agus luachanna agus dearchtaí a mbíonn éifeacht acu ar chúrsaí iompraíochta a aithint.**

### a. Féinmheas.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna breise a chur ar fáil do dhaltaí:

- Cur lena dtuiscint gur tugadh buanna agus tallannacha do gach uile dhuine acu a fhágann gur duine uathúil iad.
- A thuiscint, de bhrí go bhfuil grá, meas agus urraim ag daoine eile dóibh mar indibhidí uathúla, gur chóir go mbeadh meas acu ar dhínit a gcorp féin.

### b. Meas ar a chéile.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- An fiúntas a bhaineann le bheith ina mbaill teaghlaigh, ina mbaill ranga agus ina mbaill de phobal na scoile a aithint.
- Fiosrú faoi dhóigheanna praiticiúla a dtig leo cuidiú lena dteaghlaigh, lena scoil agus leis an phobal i gcoitinne trí mheas a léiriú do dhaoine eile agus dá réadmhaoin.

### c. Meas ar Dhia.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Tuiscint a bheith acu gurb é an Dia a ghránn iad an Dia céanna a mhaitheann dóibh agus gur chóir dóibh, dá réir, maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile.

**d. Meas ar an timpeallacht.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Cuid de na bagairtí tromchúiseacha ar féidir leo tionchar a imirt ar an timpeallacht a aithint agus plé a dhéanamh ar dhóigheanna praiticiúla a dtig leo cuidiú leis an timpeallacht a chosaint.



# Eochairchéim 2

## CUSPÓIR FOGHLAMA 1: FOILSIÚ DÉ

Ba chóir go bhforbródh daltaí feasacht, eolas, tuiscint agus meas ar phríomhtheagasc na Críostaíochta ar Dhia (An tAthair, An Mac agus An Spiorad Naomh), ar Íosa Críost, agus ar an Bhíobla; agus bheith ábalta an Bíobla a léirmhíniú agus é a nascadh leis an saol.

*Luaitear tagairtí as na scríoptúir mar threoir don mhúinteoir. Má thugtar tagairtí do Shoiscéal amháin, is féidir úsáid a bhaint as sleachta cosúla as na Soiscéil eile.*

### Dia agus an Bíobla

#### a. Briathar Dé.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Ábhar agus struchtúr an Bhíobla a iniúchadh agus a fhiosrú.
- Tuiscint a bheith acu go bhfuil cineálacha éagsúla litríochta sa Bhíobla.
- Eolas a fháil ar na háiteanna a n-úsáidtear an Bíobla agus a mbíonn sé faoi urraim.

#### b. Cruthú agus Titim.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Iontas agus éagsúlacht an Chruthaithe a fhiosrú.
- Fáil amach faoi na héachtaí atá bainte amach ag cruthaitheacht an duine agus machnamh a dhéanamh orthu.
- Fiosrú faoin dóigh a mbaineann daoine mí-úsáid as a gcumhacht chruthaitheach.
- Scéal an Chruthaithe agus na Titime a chluinstin agus a phlé, agus machnamh a dhéanamh air. - *Geineasas 1 go 3.*



**c. Conradh Dé lena chine tofa.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a cur ar fáil do dhaltaí:

- Na scéalta ar na daoine is mó le rá sa Sean-Tiomna a úsáid lena fháil amach cad is conradh ann, m.sh. *Abrahám: Geineasas 12:1-5. Geineasas 17:1-9 agus Maois: Eacsadas 3:1-10, Eacsadas 17:1-16.*
- Éisteacht le scéalta a nochtann buanchúram Dé i leith riachtanais, ábhair imní agus deacrachtaí an duine, agus plé a dhéanamh orthu.

## Beatha Íosa

**d. Mac Dé.**

Ba chóir do mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Cluinstin faoi choincheapa amhail gealltanais agus tairngreacht - *Míocá 5:2-5; Íseáia 7:14.*
- Bheith eolach ar shleachta a bhaineann leis an Mheisias tairngire.
- Iniúchadh a dhéanamh ar ionchais agus ar dhíomá an chine tofa i dtaca le hÍosa de.
- Iniúchadh a dhéanamh ar na dóigheanna a gcreideann Críostaithe gurb é Íosa an Slánaitheoir - *Íseáia 9:6-7.*

**e. Breith agus óige Íosa.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Scéal na Nollag a léamh, éisteacht leis, agus é a cheiliúradh.
- An scéal faoi Íosa mar bhuachaill sa teampall a léamh, éisteacht leis, agus é a athinsint - *Lúcás 2:41-52.*
- Machnamh a dhéanamh ar an saol a raibh Íosa beo ann agus é a chur i gcomparáid lena saol féin.

## **f. Ministreacht Íosa.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Scéal bhaisteadh Íosa a mheabhrú - *Lúcás 3:21-22*.
- Tús tuisceana a fháil ar an ábhar suntais a bhí ann maidir le cuid de na deisceabail a fuair gairm bheith ina ndeisceabail - *Marcas 1:16-20*.
- Scéalta faoin dóigh ar chuidigh Íosa le daoine a bhí san anás a mheabhrú agus machnamh a dhéanamh orthu - *Marcas 2:1-12; Matha 8:1-3*.
- Iarmhairtí agus impleachtaí chaidreamh Íosa le daoine a fháil amach, a phlé agus a fhorbairt.
- Staidéar a dhéanamh ar theagasc Íosa bunaithe ar pharabail agus ar ráitis thábhachtacha ón tSeanmóir ar an Sliabh go háirithe, agus an bhaint atá acu le saol an lae inniu a thaispeáint - *Lúcás 15; Matha 5:1-12*.

## **g. Páis, bás agus aiséirí Íosa.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Laethanta deiridh shaol Íosa a insint agus plé a dhéanamh orthu, lena n-áirítear:
  - An tUngadh - *Eoin 12:1-8*.
  - Ag teacht isteach in Iarúsailéim - *Eoin 12:12-19*.
  - Cosa na ndeisceabal á ní ag Íosa - *Eoin 13:1-17*.
  - An Suipeár Déanach - *Lúcás 22:7-20*.
  - Fealltóireacht Iúdáis agus gabháil Íosa - *Lúcás 22:47-53; Marcas 14:10-11*.
  - Gairdín Gheitséamainí - *Marcas 14:32-42*.

- Séanadh Pheadair - *Lúcás 22:54-62.*
- Triail Íosa - *Marcas 14:53-65 agus 15:1-15.*
- Céasadh, bás agus adhlacadh - *Marcas 15:16-47.*
- Aiséirí agus taispeántaí - *Marcas 16; Lúcas 24:13-35.*

#### **h. An Deascabháil agus An Chincís.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Na scéalta a bhaineann leis na himeachtaí thíos a mheabhú agus a phlé.
  - An Deascabháil - *Lúcás 24:50-53; Gníomhartha 1:1-11.*
  - Coimisiúnú na ndeisceabal - *Matha 28:16-20.*
  - An Chincís - *Gníomhartha 2:1-13.*

# Eochairchéim 2

## CUSPÓIR FOGHLAMA 2: AN EAGLAIS CHRÍOSTAÍ

Ba chóir go bhforbródh daltaí eolas, tuiscint agus meas ar fhás, ar adhradh, ar urnaí agus ar theanga reiligiúnach na Críostaíochta; go n-éireodh siad níos eolaí faoin méid atá i gceist le bheith mar chuid de thraidisiún Críostaí, agus níos íogaire maidir leis na creidiúintí atá ag daoine eile.

### a. Tús agus fás.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Éisteacht le tuairiscí faoin dóigh ar thosaigh lucht leanúna Íosa ar iad féin a eagrú ina stíl bheatha nua agus iad a fhiosrú – *Gníomhartha*.
- Machnamh agus athinsint a dhéanamh ar an méid a d'inis na haspail do dhaoine eile faoi Íosa.

### b. Ón Luath-Eaglais go dtí an lá atá inniu ann.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Fáil amach faoin dóigh ar tháinig an Chríostaíocht go hÉirinn.
- Fiosrú faoin tábhacht a bhaineann le Críostaithe aitheanta áirithe ó thréimhsí éagsúla staire.
- Plé a dhéanamh ar an dóigh ar tháinig forbairt ar ghné amháin dá bpobal Chríostaí áitiúil.

### c. Adhradh agus Urnaí.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Paidreacha a léamh ón Bhíobla, agus ó fhoinsí eile.

- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.
- Machnamh agus fiosrú a dhéanamh ar an dearcadh gur féidir adhradh a thabhairt do Dhia gach uile áit.
- A aithint go bhfuil ionaid adhartha ar leith ann nach mór urraim a bheith againn dóibh.
- Taithí a fháil ar an adhradh agus ar an urnaí ar bhealaí éagsúla.
- Paidreacha a chumadh le haghaidh ócáidí speisialta.



# Eochairchéim 2

## CUSPÓIR FOGHLAMA 3: AN MHORÁLTACHT

Ba chóir go bhforbródh daltaí a gcumas machnamh agus breithiúnas a dhéanamh ar an mhoráltacht, prionsabail mhorálta na Críostaíochta a nascadh lena saol pearsanta agus sóisialta, agus luachanna agus dearcthaí a mbíonn éifeacht acu ar chúrsaí iompraíochta a aithint.

### a. Féinmheas.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur indibhidí iad a bhfuil grá agus meas orthu.
- Machnamh ar fhás agus ar fhorbairt a n-intinne agus a gcoirp.
- Tuiscint a fháil ar an ghnéasacht mar thíolacadh.
- Forbairt a dhéanamh ar a scileanna fisiceacha, spioradálta, morálta, mothúchánacha agus sóisialta féin.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar dhearcthaí dearfacha maidir lena dtallanna, a saintréithe agus a luachanna féin.
- Tosú ar a láigí féin a aithint agus glacadh leo.
- Bheith eolach ar an dochar a dhéanann drugaí agus substaintí neamhordaithe.

### b. Meas ar a chéile.

Ba chóir don mhúinteoirí deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Fiosrú faoi na luachanna a bhíonn mar chuidiú le pobal a thógáil agus taithí a fháil orthu.
- Na grúpaí éagsúla lena mbaineann siad a aithint.

- Bheith eolach faoi chultúir agus faoi chreidimh nach mbaineann leo agus meas a léiriú orthu.
- Fiosrú faoin dóigh le fáiltiú roimh dhaoine ó thíortha eile agus iad a chuimsiú.

**c. Meas ar Dhia.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Plé a dhéanamh ar an bhaint atá ag na Deich nAitheanta le saol an lae inniu.
- Fiosrú a dhéanamh ar an bhaint atá ag na Deich nAitheanta leis an dá aithne a thug Íosa dúinn.
- Luachanna Ríocht Dé mar a léirigh Íosa iad sna Biáide a léamh agus machnamh a dhéanamh orthu, agus plé a dhéanamh ar an bhaint atá acu le saol an lae inniu.

**d. Meas ar an timpeallacht.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Plé a dhéanamh ar an mheas ba chóir a thabhairt don chruthú, a thug Dia dúinn mar thíolacadh.
- Plé a dhéanamh ar na deacrachtaí atá ag an duine bheith ina chomhoibrí le Dia le domhan níos fearr a chruthú.
- Bheith freagrach as aire a thabhairt don timpeallacht áitiúil agus as í a chaomhnú.



# Eochairchéim 3

## CUSPÓIR FOGHLAMA 1: FOILSIÚ DÉ

Ba chóir go bhforbródh daltaí feasacht, eolas, tuiscint agus meas ar phríomhtheagasc na Críostaíochta ar Dhia (An tAthair, An Mac agus An Spiorad Naomh), ar Íosa Críost, agus ar an Bhíobla; agus bheith ábalta an Bíobla a léirmhíniú agus é a nascadh leis an saol.

*Luaitear tagairtí as na scríoptúir mar threoir don mhúinteoir. Má thugtar tagairtí do Shoiscéal amháin, is féidir úsáid a bhaint as sleachta cosúla as na Soiscéil eile.*

### Dia agus an Bíobla

#### a. Briathar Dé.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A thuiscint gur díolaim leabhar atá sa Bhíobla ina bhfuil leabhair dlí, staire, filíochta, tairngaireachta. Na Soiscéil agus litreacha.
- Foghlaim an dóigh le tagairtí sonracha a aimsiú.
- Teacht ar an tuiscint gurb é atá sa Bhíobla ná briathar inspioráide Dé a thugann treoir, spreagadh, sólas agus smacht do Chríostaithe inniu.

*Téacsanna ábhartha – 2 Tiomóid 3:16; Eabhraigh 1:1-2, agus 4:12.*

#### b. Caidreamh Dé lena chine tofa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí tuiscint a fháil ar an ghrá atá ag Dia don duine trí staidéar achomair a dhéanamh ar cheann amháin ar a laghad acu seo a leanas:

- Abráham – *Geineasas, caibidlí 15, 16 agus 22.*



- Maois: Cáisc na nGiúdach, Conradh Shíonáí agus na Deich nAitheanta - *Eacsadas 6:2-8, Eacsadas caibidlí 11 agus 12, Eacsadas 20:1-21, Eacsadas 34:1-28.*
- Rút - *Rút 1-4.*

## Beatha Íosa

### c. Domhan Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltáí léargas a fháil ar an domhan inar mhair agus inar oibrigh Íosa i dtaca leis na nithe seo:

- Tíreolaíocht;
- Stair;
- Cultúr; agus
- Reiligiún;

*Téacsanna ábhartha - Matha 12:1-14; Marcas 7:1-15, 12:13-17, 12:18-27, 12:38-40.*

### d. Íosa agus a chaidreamh le daoine.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltáí léargas a fháil ar an dóigh ar léirigh Íosa grá neamhchoinníollach do gach duine.

- A dheisceabail, mar shampla, Matha agus Iúdás - *Lúcás 5:27-32; Matha 26:14-16 agus 20-25; Eoin 12:3-8.*
- Mná, mar shampla, Marta agus Máire, - *Lúcás 10:38-42; Eoin 11:1-3; Lúcás 7:36-50.*
- Díbearthaigh, mar shampla, na Deich Lobhar - *Lúcás 17:11-19.*  
An Taoiseach Céid Rómhánach - *Lúcás 7:1-10 agus Zacháias - Lúcás 19:1-9.*

#### **e. Míorúiltí Íosa.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí machnamh a dhéanamh ar fhlaithiúnas Íosa ar an domhan nádúrtha agus ar an domhan osnádúrtha trí na nithe seo a leanas a fhiosrú:

- An Bás, mar shampla, Lazaras - *Eoin 11:1-44, nó Iníon Iarás - Marcas 5:21-24 agus 35-43.*
- Deamhain, mar shampla, Léigiún - *Marcas 5:1-20.*
- Galar, mar shampla, An Pairiliseach - *Marcas 2:1-12.*
- An Nádúr, mar shampla, ceansú na stoirme - *Marcas 4:35-41.*

#### **f. Teagasc Íosa.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí tuiscint a fháil ar an bhaint atá ag na parabail le saol an lae inniu trí pharabail agus trí theagasc Íosa maidir leis na nithe seo a fhiosrú:

- Maithiúnas, mar shampla, an Searbhónta Neamhthrócaireach - *Matha 18:21-35.*
- Breithiúnas, mar shampla, an Fear Saibhir agus Lazaras - *Lúcás 16:19-31.*
- Grá, mar shampla, An Mac Drabhlásach - *Lúcás 15:11-32.*

#### **g. Eachtraí roimh bhás Íosa.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí tuiscint agus léargas níos fearr a fháil ar éifeacht na n-eachtraí roimh bhás Íosa ar a lucht leanúna.

- Domhnach na Pailme - *Matha 21:1-11.*
- An Suipeár Déanach - *Matha 26:20-30.*
- Íosa á Ghabháil - *Matha 26:47-56.*

- Na trialacha i láthair an tSainidrin agus i láthair Phíoláit - *Matha 26:57-68, agus 27:11-26.*
- Séanadh Pheadair - *Matha 26:69-75.*
- An bealach go Calvaire - *Lúcás 23:26-31.*
- Céasadh, bás agus adhlacadh Íosa - *Matha 27:27-61.*

#### **h. Aiséirí agus deascabháil Íosa.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí tuiscint a fháil ar dóigh phraiticiúil a ndeachaigh na heachtraí seo i gicon ar an luath-Eaglais.

- Na mná ag an tuama - *Matha 28:1-10.*
- Peadar agus Eoin ag an tuama - *Eoin 20:1-9.*
- An bóthar go hEamáús - *Lúcás 24:13-35.*
- Íosa á thaispeáint féin don aon deisceabal déag - *Lúcás 24:36-49.*
- An t-aon aspal déag á gcoimisiniú - *Matha 28:16-20.*
- An Deascabháil agus ateacht Chríost - *Gníomhartha 1:6-11.*
- Teacht an Spioraid Naoimh - *Gníomhartha 2:1-13.*



# Eochairchéim 3

## CUSPÓIR FOGHLAMA 2: AN EAGLAIS CHRÍOSTAÍ

Ba chóir go bhforbródh daltaí eolas, tuiscint agus meas ar fhás, ar adhradh, ar urnaí agus ar theanga reiligiúnach na Críostaíochta; go n-éireodh siad níos eolaí faoin méid atá i gceist le bheith mar chuid de thraidisiún Críostaí, agus níos íogaire maidir leis na creidiúintí atá ag daoine eile.

### a. An Luath-Eaglais.

Trí chuid de na scéaltaí a bhaineann leis an phobal luath-Chríostaí a léamh, ba cheart go mbeadh daltaí in ann cuid de shaintréithe na luath-Eaglaise a aithint agus plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leo maidir le fás na hEaglaise agus le saol an Chríostaí sa lá atá inniu ann.

*Téacs ábhartha: Gníomhartha 2.*

### b. An Eaglais ó ghlúin go glúin.

Ba chóir do dhaltaí tabhairt faoi staidéar a dhéanamh ar phríomhcharachtar amháin ar a laghad ó cheann amháin de na tréimhsí seo a leanas, agus plé a dhéanamh ar an éifeacht a bhí ag a gcreideamh ar a saol agus ar shaol daoine eile.

- An Eaglais Cheilteach.
- An Reifirméisean.
- For-rochtain agus leasaitheoirí sóisialta na Misinéireachta Críostaí ón 18ú/19ú haois.
- An Eaglais san fhichiú haois.
- An Eaglais faoi láthair - Críostaí an lae inniu.

*Mar shampla – Pádraig, Bríd, Colm Cille, Colmán, Mártan Liútar, Cailvín, Wycliffe, Wesley, Wiberforce, Shaftesbury, Elizabeth Fry, Hudson Taylor, An Mháthair Treasa, An Dr. Martin Luther King, An tArdeaspag Romero,*

*Pápa Eoin Pól II, Jackie Pullinger, Naomh Proinsias Assisi, Terese of Lisieux, Padre Pio, An tAthair Damien, Maximillian Kolbe, Cecily Saunders, William Booth, Deitrich Bonhoeffer, Sally Trench, Maitiú Talbóid, Frederick Ozanam. Scéal pearsanta faoi Chríostaí sa lá atá inniu ann.*

**I gcás na bpríomhcharachtar a roghnaítear, níor mhiste breathnú ar urnaí agus ar adhradh, ar chinnteoireacht agus ar stíl bheatha, mar shampla, i dtaca le teagasc Íosa de, agus ar an bhaint atá aige le saol an lae inniu.**



# Eochairchéim 3

## CUSPÓIR FOGHLAMA 3: AN MHORÁLTACHT

Ba chóir go bhforbródh daltaí a gcumas machnamh agus breithiúnas a dhéanamh ar an mhoráltacht, prionsabail mhorálta na Críostaíochta a nascadh lena saol pearsanta agus sóisialta, agus luachanna agus dearcthaí a mbíonn éifeacht acu ar chúrsaí iompraíochta a aithint.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltáí na nithe seo thíos a fiosrú:

**a. Ceisteanna a bhaineann le féiniúlacht phearsanta.**

- Féiniómhá, folláine coirp agus mhothúchánach.
- Gur in íomhá Dé a cruthaíodh an uile rud.
- An ghnéasacht dhaonna.
- Deacrachtaí san ógántacht á láimhseáil, mar shampla: ag iarraidh bheith neamhspleách, údarás á cheistiú, piarbhrú, frustrachas, fearg, neamhshláine.
- Cúrsaí a bhaineann leis an cheart agus an éigeart, ról na coinsiasa.

*Geineasas, 1:26, 31; Geineasas 2 agus 3; Eacsadas 20:1-17; Eifisigh 6:1-4.*

**b. Caidrimh, cearta agus freagrachtaí.**

Déan plé ar a bhfuil i gceist le caidrimh, cearta agus freagrachtaí, agus ar an bhaint atá acu le trí cinn acu seo a leanas ar a laghad:

- Teaghlach.
- Piaráí.
- Daoine le sainriachtanais.

- Lucht údaráis.
- Ceisteanna a bhaineann le cothroime inscne.
- Grúpaí eitneacha agus reiligiúnacha.
- Grúpaí mionlaigh.

*Rút 1:16-17, 2:2; 1 Samúéil 20; 1 Tiomóid 5:1-2, 6:1;  
Seanfhocail 31:10-31; Galataigh 3:28; Lúcas 7:1-10, 10:29-37;  
Matha 9:1-8.*

### **c. Roghanna.**

Déan plé ar an dóigh a ndéantar roghanna agus ar an éifeacht a bhíonn acu ar na nithe seo a leanas:

- Gairm/obair/dífhostaíocht.
- Úsáid am fóillíochta.
- Airgead.
- Mí-úsáid substaintí.
- An timpeallacht.
- Claontacht, seicteachas agus athmhuintearas.

*2 Corantaigh 3:10; Eacsadas 20:8-11; 1 Tiomóid 6:10, agus 17-19;  
Marcas 10:23-27; Matha 19:16-30; 1 Corantaigh 6:19; Geineasas 1:28-31.*



# Eochairchéim 3

## CUSPÓIR FOGHLAMA 4: REILIGIÚIN DHOMHANDA

Ba chóir tús eolais a thabhairt do dhaltáí faoi dhá reiligiún dhomhanda seachas an Chríostaíocht ionas go mbeidh siad eolach agus íogair maidir leis na creidiúintí, na cleachtais agus na stíleanna beatha reiligiúnacha atá ag daoine ó reiligiúin eile i dTuaisceart Éireann.

I gcás gach reiligiúin a roghnófar ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltáí leis na nithe seo a fhiosrú:

**a. Bunús.**

- Bunús an reiligiúin.
- Príomhphearsanra.

**b. Creidiúintí.**

- Maidir le Dia.
- Maidir leis an saol laethúil a mhaireachtáil.

**c. Scríbhinní agus siombailí naofa.**

- An teanga atá in úsáid sna scríbhinní.
- Na príomhscríbhinní naofa.
- Siombailí a bhaineann leis an reiligiún.

**d. Adhradh agus urnaí.**

- Áiteanna a mbíonn daoine ag urnaí.
- Ról an cheannaire san urnaí agus san adhradh.



- Nósanna a bhaineann leis an urnaí.
- Na deasghnátha a bhaineann leis an urnaí.
- Ionaid oilithreachta speisialta.

**e. Féilte.**

- Na príomhfhéilte.

**f. Saol an teaghlaigh.**

- Na dlithe faoi bhia agus a réasúnaíocht.
- Na nósanna a bhaineann le cúrsaí feistis.

**g. Searmanais: ó bhreith go bás.**

- Breith.
- Ag teacht in aois.
- Póadh.
- Bás.



# Eochairchéim 4

## CUSPÓIR FOGHLAMA 1: FOILSIÚ DÉ

Ba chóir go bhforbródh daltaí feasacht, eolas, tuiscint agus meas ar phríomhtheagasc na Críostaíochta ar Dhia (An tAthair, An Mac agus An Spiorad Naomh), ar Íosa Críost, agus ar an Bhíobla; agus bheith ábalta an Bíobla a léirmhíniú agus é a nascadh leis an saol.

*Luaitear tagairtí as na scríoptúir mar threoir don mhúinteoir. Má thugtar tagairtí do Shoiscéal amháin, is féidir úsáid a bhaint as sleachta cosúla as na Soiscéil eile.*

### a. Pearsa agus ministreacht Íosa.

#### i. Féiniúlacht Íosa

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim cérbh é agus cé hé Íosa, trí staidéar a dhéanamh ar chuid de na príomheachtraí a bhaineann lena theidil – Críost/Meisias, Mac Dháiví, Slánaitheoir, Mac Dé agus Mac an Duine.

■ Breith - *Matha 1:18-25, 2:1-12; Lúcas 1:26-56, 2:1-20.*

■ Baisteadh agus cathú - *Matha 3:1-17, Matha 4:1-11.*

■ Claochlú - *Matha 17:1-13.*

■ Achaine Shéamuis agus Eoin - *Marcas 10:35-45.*

■ A chreideamh á dhearbhu ag Peadar - *Matha 16:13-20.*

#### ii. Teagasc Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí iniúchadh a dhéanamh ar chuid de theagasc Íosa faoi Ríocht Dé agus ar na héifeachtaí atá ann dúinn dá bharr sa lá atá inniu ann.

- Deisceablacht - *Matha 8:18-22, 10:1 agus 9-14, 16:24-28, 8:18-22.*
- Urnaí - *Matha 6:5-15, agus Lúcas 11:1-13, Lúcas 18:1-14.*
- Maithiúnas - *Matha 5:38-48, 18:21-35.*
- Saibhreas agus bochtanas - *Matha 6:1-4, 19-21, 24-34.*
- Umhlaíocht agus uailmhian - *Matha 18:1-5.*
- Beatha tar éis bháis - *Matha 25:1-13 agus 31-46.*

### iii. Gníomhartha Íosa.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltáí fiosrú faoin bhaint ag an dóigh ar chaith Íosa le grúpaí imeallaithe agus faoin dúshlán atá ann dá bharr sa lá atá inniu ann.

- Ceannairí reiligiúnacha - *Matha 23:1-12, 23-28.*
- Mná - *Matha 15:21-28; Marcas 14:3-9; Eoin 8:1-11.*
- Na boicht - *Lúcas 14:12-24; Marcas 10:17-31, 12:41-44.*
- Peacaigh - *Marcas 2:15-17.*
- Díbeartaigh shóisialta - *Lúcas 10:25-37; Eoin 4:1-26.*

### iv. Bás Íosa.

Ba choir don mhúinteoir deiseanna a chur a fáil do dhaltáí machnamh ar an tábhacht a bhaineann le fulaingt agus le bás Íosa do Chríostaithe sa lá atá inniu ann.

- An Suipéar Déanach - *Matha 26:17-30.*
- Íosa á ghabháil - *Matha 26:47-56, 26:57-68; Marcas 14:43-50, 53-65; Lúcas 22:54-55, agus 63-71.*

- Trialacha Íosa - *Matha 26:57-68, Matha 27:1-2 agus 11-26.*
- Bás Íosa ar an chros - *Matha 27:32-56.*
- An Tuama Folamh - *Marcas 16:1-8; Matha 28:1-8; Lúcas 24:1-12.*

v. **Aiséirí Íosa.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí tuiscint a fháil ar an ríthábhacht a bhaineann le haiséirí agus le deascabháil Íosa don chreideamh Chríostaí.

- Ócáid ar thaispeáin Íosa é féin tar éis a aiséirí - *Eoin 20:19-29.*
- Coimisiún na ndeisceabal - *Marcas 16:14-18; Matha 28:18-20.*

b. **Pearsa agus ministreacht an Spioraid Naoimh**

**An Spiorad Naomh**

- Geallúint Íosa go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh - *Lúcas 24:49; Eoin 16:12-15.*
- Teacht an Spioraid Naoimh - *Gníomhartha 2:1-13.*

# Eochairchéim 4

## CUSPÓIR FOGHLAMA 2: AN EAGLAIS CHRÍOSTAÍ

**Ba chóir go bhforbródh daltaí eolas, tuiscint agus meas ar fhás, ar adhradh, ar urnaí agus ar theanga reiligiúnach na Críostaíochta; go n-éireodh siad níos eolaí faoin méid atá i gceist le bheith mar chuid de thraidisiún Críostaí, agus níos íogaire maidir leis na creidiúintí atá ag daoine eile.**

**Ba chóir do dhaltáí staidéar a dhéanamh ar na topaicí seo a leanas ón traidisiún Rómhánach Caitliceach agus ar thraidisiún Protastúnach amháin ar a laghad.**

Cleachtadh agus adhradh Críostaí sa domhan sa lá atá inniu ann.

Tá an Eaglais Chríostaí tar éis traidisiún saibhir a fhorbairt maidir le deasghnátha agus léiriú spioradálta thar na glúnta. Ba chóir forléargas a thabhairt do dhaoine óga ar chuid de na hócáidí ceiliúrtha is tábhachtaí a mhúnlaigh an cultúr Críostaí i dTuaisceart Éireann. Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltáí na nithe seo a leanas a fhiosrú:

- a. Féilire na hEaglaise: *Aidbhint, an Nollaig, an Carghas, an tSeachtain Mhór, an Deascabháil, an Chincís agus Ceiliúradh an Fhómhair.*
- b. Foirgnimh agus siombalachas eaglasta: *ailtireacht, baistealann/umar baiste, ambo/léachtán/puilpid, tábla/altóir comaoineach, siombailí.*
- c. Stíleanna adhartha agus rannpháirtíochta: *ord seirbhíse, scrioptúir, urnaí, moladh.*
- d. Sacraimintí, deasghnátha, cleachtaí, agus an tábhacht a bhaineann leo maidir leis an bheatha Chríostaí: *mar shampla, teagasc na hEaglaise ar an bhaisteadh agus ar an Chomaoineach.*
- e. An Eaglais agus an Pobal; *mar shampla, for-rochtain agus freagracht shóisialta.*

# Eochairchéim 4

## CUSPÓIR FOGHLAMA 3: AN MHORÁLTACHT

Ba chóir go bhforbródh daltaí a gcumas machnamh agus breithiúnas a dhéanamh ar an mhoráltacht, prionsabail mhorálta na Críostaíochta a nascadh lena saol pearsanta agus sóisialta, agus luachanna agus dearcthaí a mbíonn éifeacht acu ar chúrsaí iompraíochta a aithint.

Ba chóir do dhaltaí staidéar a dhéanamh ar roinn a. mar aon le sé thopaic ar a laghad ó roinn b.

### a. Cúrsaí pearsanta agus teaghlaigh.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí fiosrú a dhéanamh ar na luachanna agus na dearcthaí taobh thiar den teagasc Críostaí maidir leo seo a leanas:

- Grá.
- Pósadh.
- Ullmhú don phósadh.
- Tuismíocht.
- An pósadh idireaglaise agus idirchreidmheach.
- Cliseadh pósta.
- Saol gan phósadh.
- Caidreamh gnéasachta.

*Eoin 13:14; 1 Corantaigh 13:4-8; Eifisigh 5:21-33, 6:1-4;  
Léivític 18:22; 1 Corantaigh 6:9; Eacsadas 20:12, 14; Marcas 10:1-9;  
Matha 5:27-32; Geineasas 2:24; 1 Corantaigh 7; Colasaeigh 3:20-21.*

## **b. An saol agus cúrsaí domhanda.**

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí fiosrú a dhéanamh ar na luachanna agus na dearcthaí taobh thiar den teagasc Críostaí maidir leo seo a leanas:

- Cúrsaí atáirgthe, mar shampla: torthúlacht/neamhthorúlacht, IVF, máthairionadaíocht, clónáil daoine.
- Ginmhilleadh.
- Eotanáis agus féinmharú.
- Andúil.
- Coireacht agus pionós (dúnmharú agus foréigean).
- Ciníochas, gnéasachas, seicteachas.
- Cearta agus freagrachtaí an duine.
- Saibhreas agus bochtanas.
- Timpeallacht (ceisteanna a bhaineann le maoirseacht agus leas ainmhithe).
- Cogadh agus síocháin (bagairt núicléach, trádáil arm, cogadh naofa agus cogadh cóir).
- Dídeanaithe.
- SEIF.

*Geineasas 1:27-29; Salm 139; Irimia 1:5; Lúcas 1:41; 1 Corantaigh 6:19; Rómhánaigh 13:1-5; Matha 5:21-26; Eoin 8:1-11; Galataigh 3:28-29; Gníomhartha 10:34, 2:15; Eacsadas 23:10-11 Matha 6:25-34; Seanfhocail 12:10; Matha 8:1-4; Salm 113:5-9; Matha 25:31-46; Lúcas 4:16-21; Matha 19:16-24; Míocá 4:3-4; Eacsadas 20:13; Matha 5:43-45.*

**CROÍSHIOLLABAS**  
don  
*Oideachas Reiligiúnach*